CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	'Bhí siad an-tóiriúil ar Daudet': Athbheochanóirí na Gaeilge agus Alphonse Daudet: Múnla oiriúnach?
Authors	Ní Ghearbhuigh, Ailbhe
Publication date	2016
Original Citation	Ní Ghearbhuigh, A. (2016) 'Bhí siad an-tóiriúil ar Daudet': Athbheochanóirí na Gaeilge agus Alphonse Daudet: Múnla oiriúnach?', Litríocht na Gaeilge ar Fud an Domhain. Imleabhar II. Baile Átha Cliath: Leabhair Comhar, pp. 27-46.
Type of publication	Book chapter
Rights	© 2016, the Author. Published by Leabhair Comhar. All rights reserved.
Download date	2024-05-19 16:19:03
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/13510

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

‘Bhí siad an-tóiriúil ar Daudet’: Athbheochanóirí na Gaeilge agus Alphonse Daudet: Múnla oiriúnach?

Ailbhe Ní Ghearbhuigh

Ráiteas de chuid Mháirtín Uí Chadhain atá i dteideal na haiste seo agus é ag cur síos ar thionchar an Fhrancaigh ar lucht na hAthbheochana: ‘Bhí siad an-tóiriúil ar Daudet’ (Ó Cadhain 1973: 19). I bhfianaise air sin, ní gá ach breathnú ar *Clár Litridheacht na Nua-Ghaedhilge* de chuid Risteárd de Hae mar a bhfuil liosta de sheacht n-aistriúchán is scór dá chuid scéalta sa chéad tríocha bliain den chéad seo caite (de Hae 1937: 687-689). Ba é Alphonse Daudet (1840-1897) an t-údar Francach ba mhó a aistríodh go Gaeilge i dtréimhse na hAthbheochana. Is fiú go mór, mar sin, an ghné seo de stair na hAthbheochana a fhiosrú chun léargas a fháil ar fhréamhacha nualitríocht na Gaeilge. Bhí léamh na Fraincise ag go leor d’Athbheochanóirí na Gaeilge toisc gurb í an Fhraincis an teanga Eorpach ba mhó a ndéantaí staidéar uirthi sna scrúdaithe Idirmheánacha. Bhí áit faoi leith ag an bhFraincis sna scoileanna a bhunaigh oird rialta ón bhFrainc, ar nós Choláiste na Carraige Duibhe i mBaile Átha Cliath, Meánscoil Lughaidh i Muineachán agus go leor eile nach iad.

Pléifidh an aiste seo an fheidhm a bhain Athbheochanóirí na Gaeilge as saothar Alphonse Daudet mar mhúnla do ghearrscéalaíocht na Gaeilge agus díreofar ar chúig scéal ar bhonn téamúil. Breathnófar ar na scéalta a aistríodh idir 1902 agus 1930 ina bhfuil léargas ar an tuath agus ar an gcathair, mar aon leis an mórscéal náisiúnaíoch, ‘*La Dernière Classe*’. Tabharfar faoi deara gur dhírigh na hAthbheochanóirí ar dhá chnuasach luatha de chuid Daudet, is iad sin, *Lettres de mon Moulin* (1869) agus *Contes de Lundi* (1873).

Le linn a ghairmréime, ba dhuine de mhórscríbhneoirí na Fraince a bhí in Daudet, a thuill cáil i gciorcal liteartha Pháras as a chur síos ar shaol Provence. Is éard a bheidh mé ag áiteamh anseo gur oir stíl Daudet do shlat tomhais na nAthbheochanóirí i leith na nualitríochta mar go raibh rian an bhéaloidis uirthi. Caithfimid a bheith cáiréiseach agus cuimhneamh gur luathshaothar Daudet a thaithin leo, agus gur éirigh leis na hAthbheochanóirí neamhaird a thabhairt ar ábhar níos conspóidí níos déanaí ina shaol. Beidh an aiste chritice a scríobh Máire Ní Chinnéide sa bhliain 1914 úsáideach chun an t-idirdhealú seo a léiriú.

Daudet agus na hAthbheochanóirí

Ba é breithiúnas an Chadhnaigh ná go raibh saothar Uí Chonaire an-chosúil le scríbhneoireacht Daudet: 'Is cosúla Pádraig Ó Conaire le Daudet – Daudet *Letters de mon Moulin* – Daudet ar a fháilíocht, ar a dhaonnacht, ar a bhá, ar a neamhghangaid, ná aon údar eile Éireannach, Gaeilge ná Béarla' (Ó Cadhain 1981: 102).

Ní hé an Conaireach amháin a bhí faoi anáil Daudet; bhí rian Daudet le brath ar shaothar an Phiarsaigh leis, mar a mhaítear i leabhar W. J. McCormack, *Dublin 1916: The French Connection*:

> Pearse graduated in Modern Languages (including French) in 1900. Ciaran Brady has observed in conversation that, behind Pearse's Gaelic short fiction, Alphonse Daudet presided, with *Lettres de mon Moulin* in his hand, published ten years before An Piarsach was born (McCormack 2012: 77).

Cé nach raibh saothar Daudet ar an gcúrsa Idirmheánach fad is a bhí an Piarsach ag staidéar, ba mhinic saothar Daudet ar an siollabas ó 1901 ar aghaidh. Ainmníodh *Lettres de mon Moulin* ar shiollabas an mheánghráid don mbliain 1914 (*Irish Independent,* 3 Iúil 1913, 6). Roimh 1919, aistríodh trí scéal le Daudet, de réir liosta de Hae. Idir 1919 agus 1923, foilsíodh 18 aistriúchán óna shaothar. Ba iad an trí eisceacht a aistríodh roimh 1919 ná 'An Léigheann Deireanach' in *An Gaodhal*, Lúnasa 1902; 'Elicsir an Athar Góisir' ar *An Claidheamh Soluis*, 14 Nollaig 1912; 'An Ceacht Deireanach' ar *An Claidheamh Soluis*, 5 agus 26 Iúil 1913. Is díol spéise é, mar sin, gur ó 1919 amach a aistríodh formhór scéalta Daudet go Gaeilge agus gur ar na scéalta ó *Lettres de mon Moulin* ba mhó a dhírigh aistritheoirí. Gach seans gurb í an ghlúin a dhein staidéar ar Daudet ar scoil faoi ndear an borradh seo faoina chuid aistriúchán go Gaeilge ar ball, go háirithe ó d'fhoilsigh an foilsitheoir oideachais C. S Ó Fallamhain *Fiche Gearrscéal* le Fiachra Éilgeach i 1930. Is beag scéal in *Lettres de mon Moulin* a bhí lonnaithe i bPáras, cé go bhfuil tagairtí (diúltacha) do Pháras i scéalta áirithe. Bhí íomhá idéalaithe na tuaithe i scéalta Daudet tarraingteach d'Athbheochanóirí a raibh a bhfís fréamhaithe go daingean i saol na tuaithe faoin dtráth seo. Seachnaíodh an chathair go minic sa litríocht, ainneoin gur bhain go leor Athbheochanóirí le Baile Átha Cliath. Déantar cur síos sna scéalta seo ar shaol simplí, réchúiseach agus ar phobal díograiseach, idéalaithe, fiú. Is idéalú den tsaghas céanna

a bhí ag teastáil ó chonraitheoirí áirithe agus iad ag glóiriú mhuintir na Gaeltachta.

Breathnófar ar chúig scéal de chuid Daudet, '*Installation*,' '*Le Sécret de Monsieur Corneille*,' '*Le Phare des Sanguinaires*,' '*L'Enfant Espion*' agus '*La Dernière Classe*.' Le linn na tréimhse atá faoi chaibidil anseo, 1900-1930, rinneadh níos mó ná aistriúchán amháin ar '*Le Sécret de Monsieur Corneille*', '*L'Enfant Espion*' agus '*La Dernière Classe*'. Tagann aistritheoir amháin chun cinn i gcás gach aon scéal thuasluaite agus, i ngeall ar a bhisiúlacht, ní mór dúinn féachaint ar Risteárd Ó Foghludha, nó Fiachra Éilgeach.

Is dócha gurb é *Fiche Gearrscéal* le Risteárd Ó Foghludha an bailiúchán is téagartha ón bhFraincis sa tréimhse seo. Tá scéal an duine ann ó Gustave Flaubert, ó Louise Colet, ó P. J. Stahl, agus ó Ernest Legouvé. Aistríodh trí scéal le François Copée, cúig scéal le Guy de Maupassant, agus ocht scéal le Daudet ann. Idir Eochaill agus Cill Ia a saolaíodh Ó Foghludha sa bhliain 1871, tráth a raibh an Ghaeilge fós ina teanga phobail sa dúiche (Breathnach agus Ní Mhurchú 1986: 73). I ndiaidh dó seal a chaitheamh ag obair i Sasana, chuir sé faoi i mBaile Átha Cliath. Bhí sé i measc bhunaitheoirí Chraobh an Chéitinnigh i dteannta Thorna, Shan Uí Chuív agus Phiaras Béaslaí (Ó Siadhail 2007: 104). Faoin ainm cleite 'Fiachra Éilgeach' a foilsíodh a chuid aistriúchán ar Daudet in irisí agus i nuachtáin na hAthbheochana.

An Tuath agus an Chathair i scéalta Daudet

Ba é '*Installation*' an chéad scéal a d'aistrigh Ó Foghludha go Gaeilge, agus an chéad scéal i mbailiúchán iomráiteach Daudet, *Lettres de mon Moulin.* Cuireann Daudet, nó an reacaire, síos ar an sásamh a bhaineann sé as a bheith ina chónaí i muileann gaoithe i bProvence tar éis dó bogadh ann ó Pháras. Cé gur lig Daudet air gur mhair sé i muileann gaoithe, is cosúil nár mhair in aon chor (Sachs 1965: 210).

Ciallaíonn an focal Fraincise *installation* bogadh chun nó socrú síos in áit nua. 'Tosach Oibre' a thug Fiachra Éilgeach air san aistriúchán agus ba sa nuachtán *Misneach* a foilsíodh é ar an 18 Nollaig 1920. Is i bhfoirm litreach atá an scéal scríofa:

> Agus tar éis an méid sin a d'innsim duit, cionnas a mheasair go mbeadh éan-aithreachas ormsa toisc mé bheith scartha le nbhur bParas dhubh ghleoidh? Is mise atá go compordach annso im mhuileann! Sidé díreach an sórt látharach a bhí uaim, cúinnín brothalach cumhra atá suidhte míle léig i gcéin ó

> pháipéaraibh nódhachta, ó chóistíbh, ó cheo na cathrach! (*Misneach*, 18 Nollaig 1920: 9).

Tá an reacaire ag labhairt go díreach leis an léitheoir agus is diúltach an léiriú a dhéanann sé ar Pháras. Is ionann Páras agus an saol callánach nua-aimseartha, saol na nuachtán. Is díol suntais é 'ceo na cathrach' toisc go laghdaítear cumas an duine chun féachana sa cheo, amhail is go gcuirtear dallamullóg air sa chathair. Tá sé in ann níos mó a fheiscint agus a thuiscint faoin tuath.

> Bhíos i láthair nuair a chas an tréad ó sna cnocaibh chum feirmeach annso thíos, agus bheirim mo mhóid duit gur taitneamhaighe liomsa mar radharc é ná a raibh agaibhse le seachtmhain d'oidhcheanta tosaigh dráma i bParas. Féach ciaca bfhearr leat féin (*Misneach*, 18 Nollaig 1920: 9).

B'fhearr leis an reacaire an radharc a bhí aige faoin tuath ná an radharc a bhí ag lucht na b*premières* i gcathair Pháras. Is éard atá á áiteamh anseo ná go raibh a leithéid seo de léiriú ar an tuath ag teacht le smaointeoireacht an Chonartha, a raibh rian den Rómánsachas uirthi. Míníonn Caitríona Ó Torna gurbh é an chonstráid a thóg lucht an Rómánsachais ná 'an pobal a mhair i ndomhan eile arbh éalú é ón tionsclaíocht, ón tsibhialtacht agus ón dul chun cinn. Chuirtí béim ar shoineantacht na ndaoine, ar a dtuiscint ar an dúlra agus ar an gcráifeacht a chleacht siad' (Ó Torna 2005: 130). Is cinnte go bhfuil an t-éalú ón saol nua-aimseartha i gceist sa scéal '*Installation*', agus go samhlaítear an tuath mar thearmann suaimhneach don anam.

Tá béim faoi leith ar an bpobal agus ar chur i gcoinne na nuatheicneolaíochta sa scéal '*Le Sécret de Monsieur Corneille*'. I 1922 a foilsíodh aistriúchán Labhráis Bhreathnaigh san iris *Green and Gold: A Magazine of Fiction* a bunaíodh i bPort Láirge. 'Rún Maighistir Corneille' a thug Breathnach ar a leagan féin (*Green and Gold*, Márta-Bealtaine 1922, 64-67). Níor leor le Risteárd Ó Foghludha an méid sin agus rinne sé leagan eile den scéal, 'Rún an Mhuilteóra' (*Fáinne an Lae*, 17 Márta 1922 agus *Fiche Gearrscéal* 1930: 126-133). Seo éirim an scéil: is beag muileann gaoithe atá fágtha ó tugadh isteach na muilinn nua ghaluisce, seachas muileann gaoithe Monsieur Corneille. Tá Corneille go mór i gcoinne an fhoráis seo a tháinig ón diabhal, dar leis. Is fearr leis i bhfad an seanmhuileann a úsáideann gaoth Dé. Cé nach dtugann éinne cruithneacht chuige níos mó, leanann sciatháin an mhuilinn orthu ag casadh. Ní thuigeann muintir an bhaile cad é atá á mheilt aige. Ansin nochtar nach cruithneacht a bhí á meilt aige ach plástar. Tá an oiread sin trua ag muintir an bhaile do Monsieur Corneille go socraíonn siad cabhrú leis an muileann a choimeád sa tsiúl.

Déanann siad cinnte de go bhfuil soláthar cruithneachtan aige go dtí deireadh a shaoil. Toisc an meas a bhí ag Monsieur Corneille ar na sean-nósanna, agus i ngeall ar an gcion a bhí ag muintir an bhaile ar Monsieur Corneille, bhíodar sásta dínit an tseanfhir a chaomhnú. Sa chás seo, d'fhéadfaí a mhaíomh gur eiseamláir mhaith a bhí i muintir an bhaile, agus gur theastaigh ó Athbheochanóirí (na haistritheoirí) dea-thréithe an phobail a chur faoi bhráid léitheoirí na Gaeilge.

Mar a bhí i gceist le mórán de scéalta luatha Daudet tá iarracht éigin déanta ar fhírinne a chruthú sa scéal: tá an reacaire, Daudet, creidtear, anois ag cur faoi sa mhuileann céanna. Oíche amháin buaileann cara leis isteach agus insíonn sé an scéal seo dó. Scéal laistigh de scéal atá ann, mar sin, ina bhfuil Daudet ag féachaint siar ar an oíche a insíodh an scéal dó.

> Seanfhear faidhfe a bhuaileann chugam ar cuaird anois is arís, do b'é innis dam an oidhche fé dheire eachtra a ráinig fiche bliain éigin ó shoin go raibh baint aige leis an muileann so agamsa. Do luigh a scéal orm, agus táim a d'iarraidh é bhuanughadh ar an gcuma n-ar chuala féin é *(Fáinne an Lae*, 17 Márta 1922 agus Ó Foghludha 1930: 126-133).

Táimse den tuairim go raibh gnéithe áirithe sa scéal seo an-tarraingteach do lucht na hAthbhechana, tréithe an tseanchais, cuir i gcás, nó trópanna an traidisiúin bhéil, agus an reacaire ag cuimhneamh siar ar insint an scéil. Tabhair faoi deara, freisin, an léiriú dearfach ar phobal na tuaithe, agus an meas a léirítear ar shean-nósanna na dúiche. Téann cneastacht na cosmhuintire i bhfeidhm ar an léitheoir, agus is tréith í seo a raibh Athbheochanóirí na Gaeilge ag iarraidh a chur faoi bhráid phobal léitheoireachta na Gaeilge taca an ama seo d'fhonn iad a spreagadh, nó d'fhonn léirithe diúltacha ar mhuintir na tuaithe a bhréagnú. Bheadh an bhéim ar an ómós atá ag Monsieur Corneille don sean-nós meilte ag teacht go mór leis an bhfís a bhí á cur chun cinn in Éirinn ag an am, cé gurbh í an scothaicme nua uirbeach a bhí á brú chun cinn, mar a mheabhraíonn Kiberd dúinn: 'The notion of a timeless peasantry [...] was a fantasy purveyed by the new élites who had seized the positions of power in cities and towns' (Kiberd 1996: 483). Paradacsa mór na hAthbheochana atá anseo sa tslí go raibh Athbheochanóirí ag cur idéal áirithe chun tosaigh a d'fhág ar an trá fholamh iad toisc nár shroicheadar féin na caighdeáin Ghaelacha úd a leagadar síos.

Feictear na straitéisí céanna inste sa scéal '*Le Phare des Sanguinaires*' ina gcuimhníonn an reacaire ar thráth a raibh sé ag cur faoi 'i dtigh soluis na Sanguinaires

thíos ar chósta Chorsaice [...] Cúinne beag aoibhinn d'aimsigheas ann chum marthanna is chum uaignis'. Is é Risteárd Ó Foghludha a d'aistrigh an scéal seo faoin teideal 'Tigh Soluis na Sanguinaires' (*Fáinne an Lae* 25 Lúnasa 1923 agus Ó Foghludha 1930: 134-141). Tá an scéal lonnaithe ar oileán na Corsaice agus déantar cur síos measúil, idéalaithe, b'fhéidir, ar mhuintir an oileáin. Tugtar le fios gur dream léannta a bhí sna fir faire a bhí ag obair sa tigh solais mar bhídís ag léamh Plútairc os ard istoíche ionas nach dtitfeadh a gcodladh orthu. D'oir teicníc an reacaire go mór do léitheoirí na Gaeilge, a raibh cur amach acu ar an mbéaloideas agus na trópanna reacaireachta sna scéalta úd.

I dtréimhse na hAthbheochana, bhí idir dhúchasóirí agus fhorásóirí ag iarraidh litríocht na Gaeilge a ghríosú agus a bhisiú. Creidim féin go raibh saothar Daudet sásúil do dhúchasóirí agus d'fhorásóirí araon toisc go raibh tréithe áirithe a bhain le scéalta béaloidis ina shaothar ach bhí sé i measc na scríbhneoirí ba cháiliúla sa bhFrainc lena ré. Bhí stíl scríbhneoireachta Daudet go mór faoi anáil na teanga labhartha, mar a mhíníonn Murray Sachs:

> Daudet was able to adapt to written forms many of the verbal tricks by which a speaker established rapport with an audience. The frequent interpolations in his fiction of asides from author to reader have exactly that intention. […] Such writing can take on the loose syntax and personal idiosyncrasies of conversation. […] Daudet called such writing *literature debout*, 'stand-up writing', to suggest its kinship with spoken or declaimed material (Sachs 1965: 176-177).

Is iomaí scéal dá chuid atá i bhfoirm litreach, nó i bhfoirm dialainne, nó ina bhfuil go leor comhráite fite tríd; is seifteanna iad seo a chothaíonn dáimh leis an léitheoir, amhail is go bhfuil sé ag éisteacht leis an scéal. Bhí an ghné seo dá shaothar tarraingteach d'Athbheochanóirí freisin toisc an tábhacht a leagadh ar chaint na ndaoine mar mheán liteartha, agus gur stíl í a bhí gairid do scéalaí an traidisiúin Ghaelaigh.

Is beag léiriú ar Pháras a fhaightear sna haistriúcháin agus, ansin féin, is cur síos diúltach a dhéantar ar an gcathair. Tá an méid seo suntasach ann féin toisc go dtugann sé le fios gurbh fhearr le hAthbheochanóirí scéalta a bhí lonnaithe faoin tuath a roghnú i gcomhair aistriúcháin. Scéal atá lonnaithe sa chathair aimsir an Chogaidh Fhranc-Phrúisigh is ea '*L'Enfant Espion*'. Cuireadh dhá leagan de i gcló laistigh d'achar bliana: foilsíodh aistriúchán Eibhlín Ní Airtnéide 'An Spídheadóir Óg', in

Banba (Nollaig 1921: 133-137) agus chuir Ó Foghludha (faoin ainm cleite 'Fiachra Éilgeach') leagan eile ar fáil ar *Fáinne an Lae* dar teideal 'An Fiseóir Garsún' (16 Nollaig 1922). Tá an scéal in *Banba* maisithe ag Caitlín Nic Aonghusa, ach tá leagan Uí Fhoghludha curtha in oiriúint don nuachtán: foilsithe ar aon leathanach amháin agus an scéal roinnte le fotheidil. Faoi mar a fheicfimid in '*La Dernière Classe*', is beag abairt sa dá leagan atá ar aon dul lena chéile.

In '*L'Enfant Espion*', insítear scéal Stenne, leanbh gan mháthair a dhéanann feall ar a thír nuair a thugann sé faisnéis d'arm na Prúise. Déanann Ó Foghludha an t-ainm a Ghaelú mar 'Stiabhna' agus insíonn sé dúinn gur 'Stiabhnaín' a thugtaí air. Cloíonn Ní Airtnéide leis an ainm atá sa bhuntéacs:

> Stenne a bhí mar ainm air – Stenne óg. Leanbh de leanbhaíbh Phairise, leanbh drochshláinteach, bán 'na cheannaighthibh. B'fhéidir gur b'aois dó deich mbliadhna, b'fhéidir cúig bliadhna déag, ní fhéadfá aois a leithéid do mheas go deo (*Banba*, Nollaig 1921: 133-137).

Tá sé le tuiscint ón sliocht thuas go raibh an chathair mífholláin agus gur thimpeallacht mhíoiriúnach í chun leanbh a thógáil inti. Ní raibh rath ná bail ar Stenne i ngeall ar a thógáil sa chathair. '*Moucheron*' a thugann Daudet ar an mbuachaill sa bhuntéacs, ach 'cuileoigín' a thugann Ní Airtnéide air, seachas brí níos géire a bhaint as, ar nós 'ainniseoir'. 'Bioránach' a thugann Ó Foghludha air, rud atá níos oiriúnaí, dar liom. Míníonn Brian Ó Conchubhair an tuairim a bhí coitianta ag an *fin de siècle* go raibh meath ag teacht ar fhearúlacht Shasana, de réir aos dána na tíre: 'Pé áit a rachfaí i Londain nó i gcathair ar bith i Sasana, d'aimseofá gan mórán stró an meatachán arbh é an toradh ba shoiléire é nó í den mheathlú a bhí ag ithe agus ag creimeadh an chine' (Ó Conchubhair 2009: 52). De réir thuiscint na linne, níorbh é an t-aos óg amháin a bhí mífholláin agus á chreimeadh, ach bhí an tír féin 'i mbaol a sláinte' (Ó Conchubhair 2009: 52). In aimsir na hAthbheochana, ba mhinic a léiríodh an chathair thionsclaíoch mar áit mhífhollain, go háirithe i gcomparáid leis an nGaeltacht. Féach an cur síos seo a leanas, ó 'Fhear an Oileáin' faoi conas mar a bhraith sé ar dhul chun na Gaeltachta dó:

> Behind me I was leaving Anglicisation with all its hideousness and soulless materialism, its big smoking chimnies [*sic*] and prison-like factories (called commercial property) where thousands of Irishmen and Irishwomen in their struggle for a sordid existence forget they have a soul. Before me lay the Gaedhealtacht where the spiritual passionate Gael with his simple beautiful customs, speaking his own language and singing his own sweet songs, lived as

> God intended he should. (*An Claidheamh Soluis*, 15 Meitheamh 1907).

Tá nasc an-láidir i ndioscúrsa na hAthbheochana, mar sin, idir nádúrthacht na tuaithe agus dílseacht do shean-nósanna. Déantar an nasc céanna i scéalta Daudet a aistríodh go Gaeilge, faoi mar atá léirithe go dtí seo. Maidir leis an gcathair, is léir ó ráiteas 'Fhear an Oileáin' gur áit ghránna, gan anam í an chathair, ina mbíonn daoine ag fulaingt agus ag streachailt. In '*L'Enfant Espion*', is i dtéarmaí scanrúla a chuirtear síos ar cheantar tionsclaíoch Pháras. Agus Stenne ag déanamh a bhealaigh ón mbaile go dtí forimeall Pháras, áit a bhfuil saighdiúirí na Prúise, nochtar radharc gránna tionsclaíoch dó:

> Do chonnaic Stenne óg radharc, tré n-a chéile, díreach mar a bheadh taidhbhreamh dá dhéanamh dó: na déantúsáin agus beairricí déanta dhíobh, babhdhúnta folmha gléasta le giobalaibh fhliucha, na seimiléirí fada d'á gcur féin i n-iúil thríd an cheo agus á sáthadh féin san spéir go folamh, réabtha (*Banba*, Nollaig 1921: 133-137).

Timpeallacht thruaillitheach is ea an chathair, go háirithe nuair a smaoinítear ar an léiriú ídéalach, ídéalaithe agus neamhurchóideach ar an tuath sna haistriúcháin ón bhFraincis. Bheadh a leithéid seo de chur síos ag réiteach le teachtaireacht na nAthbheochanóirí i dtaobh na cathrach agus i dtaobh tionscail throm. Go deimhin, mheas go leor Athbheochanóirí nár chóir ach saol na tuaithe amháin a léiriú i litríocht na Gaeilge toisc gur ón tuath a d'eascair saibhreas cultúrtha na hÉireann. Cé go mbeifí ag súil lena leithéid ó dhúchasóirí na hAthbheochana, scríobh Philip O'Leary:

> Nor were such ideas limited to provincials or homesick urban exiles. In a paradox common throughout nineteenth-century nationalist movements, the apotheosis of rural life was often most forcefully expressed in the work of the sophisticated and genuinely cosmoposital urban thinkers (O'Leary 1994: 410).

La Dernière Classe

Thar aon cheann eile de scéalta Daudet, ba é '*La Dernière Classe*' ba mhó a mhúscail spéis na nAthbheochanóirí. Foilsíodh cúig leagan den scéal idir 1900 agus 1930. Ní foláir nó gurbh í an ghné thréan náisiúnaíoch den scéal a bhí tarraingteach do na haistritheoirí, gan trácht ar an mbéim ar fhoghlaim na teanga dúchais. Is é suíomh an scéil an Alsáis i ndiaidh bhua na bPrúiseach sa Chogadh Franc-Phrúiseach. San aistriúchán le Ó Foghludha, míníonn an máistir scoile gurb é an rang deireanach aige é is go mbeadh múinteoir nua ag teacht an lá dar gcionn chun an Ghearmáinis a theagasc:

> 'Sidé, a chlann ó, an ceacht deiridh agamsa dá mhúineadh annso choidhche.

> Tá an aithne tar éis teacht anoir ó Bhérlín gan éin-teanga do mhúineadh i scoileannaibh Alsáis is Loraein feasta ach an Ghearmánais amháin... Tá an máighistir nuadh chugaibh amáireach. Sidé an ceacht deiridh agaibh sa bhFraingcis: éistighidh go cruinn liom, le nbhur dtoil' (*Misneach*, 5 Feabhra 1921).

Tá an-aiféala ar an reacaire, ar buachaill óg é, nár chaith sé go leor dua ag foghlaim léamh na Fraincise i gceart. Éisteann sé go géar leis an máistir ar feadh an ranga, ach nuair a chloiseann sé colúir, ritheann smaoineamh leis, 'An mbeidh oraibh, chomh maith, canadh i nGearmáinis feasta?" (*Misneach*, 5 Feabhra 1921). Tá sé le tuiscint go bhfuil an Fhraincis don Alsáiseach chomh nádúrtha is atá corracú don cholúr.

Agus na páistí ag cleachtadh a gcuid peannaireachta, iarrann an múinteoir, Monsieur Hamel, orthu 'FRANCE, ALSACE; FRANCE, ALSACE' a scríobh. Leagann sé béim ar an ngéarghá a bhí ann teanga na Fraince a chaomhnú agus a chosaint. Ag buaic an scéil, nuair atá tocht i nglór an mháistir, scríobhann sé 'Vive la France' ar an gclár dubh. Is díol spéise é an léamh atá ag Leon Sachs ar an ngníomh seo:

> There is more to [the teacher's] VIVE LA FRANCE than the obvious expression of patriotic devotion. His patriotic cry takes a vivid, graphic form. [...] The mode of delivery means everything. When the teacher switches from speaking to writing, the students are no longer listeners; they become readers. His change in mode of address demonstrates – and compels his students to perform – the very connection he has previously established between language study and the nation" (Sachs 2014: 4).

I bhfianaise an mhéid sin, is beag an t-iontas go bhfaca Athbheochanóirí na Gaeilge fiúntas agus tairbhe sa scéal.

Pléifear anois na leaganach éagsúla den scéal sa Ghaeilge. Bhí cur chuige suimiúil i gceist sa chéad aistriúchán a foilsíodh faoin teideal 'An Léigheann Deireannach' in *An Gaodhal* i Lúnasa na bliana 1902. D'aistrigh an Bhantiarna Gregory go Béarla é agus thug Tomás Ó Concheanainn faoin leagan Gaeilge bunaithe ar aistriúchán na Bantiarna. Foilsíodh an dá aistriúchán taobh le taobh, mar aon le réamhrá gairid i mBéarla ag míniú comhthéacs stairiúil an scéil agus gur Jack B. Yeats a rinne an léaráid. Is cosúil go bhfuil an leagan Gaeilge seo dírithe ar fhoghlaimeoirí sa mhéid is go bhfuil focail áirithe mínithe i lúibíní, .i. 'go t-oireas (gan thú'), agus 'litriúghadh (spealáil)'.

Ba in dhá chuid a foilsíodh leagan Sheáin Uí Ghruagáin den scéal i gcolún 'Cumann na hÓige' ar *An Claidheamh Soluis* (5 Iúil 1913 agus 26 Iúil 1913). Colún é seo a bhí dírithe ar leanaí, go háirithe iad siúd a bhí i gcraobh sóisearach an Chonartha, 'Éire Óg' (Mac Congáil 2007/2008: 66). Thug eagarthóir an cholúin cúlra an scéil ina reamhrá, agus cur síos ar chúrsaí polaitíochta i réigiún na hAlsáise. Déanann sé comparáid idir cos ar bolg ar na Alsáisigh agus cos ar bolg ar na Gaeil: "Ní smacht go dtí smacht na nGearmánach nó na Sasanach (De'n shliocht chéadna iad araon)" (*An Claidheamh Soluis*, 5 Iúil 1913).

D'éirigh go maith leis an eagarthóir a chuid léitheoirí a chur ag machnamh, is cosúil. I dteannta an dara cuid den scéal, foilsíodh litir ó Éamonn Ó Fallamhain, buachaill óg as Cinn Mhara. Léirigh sé a chuid tuairimíochta faoi chás na hAlsáise agus an ceacht atá ann do mhuintir na hÉireann. Dar leis an ógánach, ní éireoidh leis na Gaill an Ghaeilge a chur faoi chois chomh fada is atá 'Connradh na Gaedhilge agus an 'Craoibhín' ag tabhairt coimirce d'ár mbainríoghain uasail, Caitlín Ní hUallacháin' (*An Claidheamh Soluis*, 26 Iúil 1913). I bhfianaise an phlámáis seo, is beag an t-ionadh gur ghnóthaigh an litir duais na seachtaine. Bhí feidhm theagascach ag '*La Dernière Classe*' sa chás seo a bhí dírithe ar an dream óg. Spreagadh iad le comhbhá a bheith acu don reacaire óg ionas go leanfaidís a eiseamláir i leith fhoghlaim na teanga.

Arís, ní raibh fiú achar bliana ann idir foilsiú an dá aistriúchán deireanach den scéál. Foilsíodh 'An Ceacht Deireannach: Sgéal a d'innis Alasanach Óg' le Séamas Ó Searcaigh in *An Síoladóir* i mí an Mheithimh 1920. Go gairid ina dhiaidh sin, thug Fiachra Éilgeach (Ó Foghludha) faoi arís faoin teideal 'An Ceacht Deiridh: Vive la France', scéal a foilsíodh ar *Misneach* ar an 5 Feabhra 1921.

Is fiú suntas a thabhairt do na fotheidil a ghabhann leis na hiarrachtaí seo. I leagan Uí Shearcaigh, leagtar béim ar ghné réigiúnach an scéil, rud a thugann leid éigin i dtaobh a chomhthéacs. Thabharfadh sé le fios freisin, b'fhéidir, go raibh eolas ag an Searcach ar aistriúchán Béarla de chuid George Burnham Ives a foilsíodh i 1909 lenar ghabh an fotheideal céanna. Cuireann fotheideal Uí Fhoghludha béim ar nath tábhachtach an scéil, '*Vive la France*' ach shamhlóinn nach bhfuil ansin ach ciúta de chuid an aistritheora.

Ní raibh ceachtar den dá leagan seo dírithe ar pháistí, dar liom. Irisleabhar 'Chumainn na Sagart nGaedhealach' a bhí in *An Síoladóir* agus tugadh *Misneach* ar *An Claideamh Soluis / Fáinne an Lae* idir 1919 agus 1922. Níos déanaí d'fhoilsigh C. S. Ó Fallamhain an cnuasach fiche gearrscéal, ag díriú, ní foláir, ar mhargadh na scolaíochta. Is cosúil gurbh é leagan Ultach Uí Shearcaigh a ghríosaigh Ó Foghludha an scéal a chur in oiriúint do Mhuimhnigh ach is léir go raibh an-chur amach aige ar shaothar Daudet roimhe sin.

Déanann Ó Foghludha tagairt don leagan Ultach:

> Molaim an tionntódh deas ar an aiste sin, atá ag Séamus Ó Searcaigh insa chéad uimhir do 'An Síoladóir', ach cheapas nár mhisde an scéal do chur in oireamhaint do Ghaedhilgóiríbh na Mumhan – ní hionann scéal mar seo agus an Bíobla. Ní dóigh liom go bhfuil an leagan ceadna agam féin is ag Séamus in éin-líne tríd síos: ní headh, acht is fánach an focal céadna againn araon in éan-abairt ó thúis go deire (*Misneach* 5 Feabhra 1921).

Baineann leagan Uí Fhoghludha, mar sin, le cogadh na gcanúintí sa Ghaeilge, rud a dtugann O'Leary 'the most important, acrimonious, and lengthy debate of our period' air (O'Leary 1994: 9).

Níl aon ainm luaite leis an aistriúchán deireanach a bhaineann leis an tréimhse seo a foilsíodh ar *The Nation* (31 Bealtaine agus 7 Meitheamh 1930). Ba é Cearbhall Ua Dálaigh (1911-1978) a scríobhadh an colún Gaeilge sa nuachtán sin go hiondúil. Bhí an Fhraincis aige; mar sin is é is dóichí ná gurbh é a d'aistrigh. An rud is suntasaí faoin leagan deireanach seo ná gur foilsíodh eireaball an scéil ina dhiaidh sin (*The Nation*, 14 agus 21 Meitheamh 1930). Leanann 'An Maighistir Nuadh' nó '*Le Nouveau Maître*' le Daudet scéal an bhuachalla chéanna faoi réimeas tíoránach an mháistir nua, Monsieur Klotz, nó Mac Uí Klotz (baineann an t-aistritheoir úsáid as an dá leagan). Ba in *La Belle Nivernaise* (1886) a foilsíodh 'Le Nouveau Maître' den chéad uair.

Is léiriú atá sna leaganacha éagsúla ar an tábhacht a leagadh ar an scéal '*La Dernière Classe*' le linn na hAthbheochana. Ní fios, áfach, an raibh na haistritheoirí, nó, go deimhin, léitheoirí an scéil, eolach ar theanga an hAlsáise, atá i bhfad níos cóngaraí don nGearmáinis. Míníonn Robert Gildea, 'The irony is, of course, that while the teacher from the French-speaking educated stratem leaves, his pupils, whose dialect is Germanic, stay' (Gildea 2008: 295). Go deimhin, ní raibh an polasaí teanga a chuir na

Gearmánaigh i bhfeidhm sa cheantar chomh dian is a bhí polasaí teanga na bhFrancach roimhe sin agus bhí muintir na hAlsáise Lorráine báúil go leor i leith na nGearmánach (Vassberg 1993: 17-18). Scéal is ea '*La Dernière Classe*' a scríobhadh faoi anáil dhearcadh na Tríú Poblachta, réimeas nach raibh báúil le teangacha réigiúnacha na Fraince in aon chor. Is sampla eile é seo den tslí a raibh lucht na hAthbheochana in ann neamhaird a thabhairt ar ghnéithe áirithe nár réitigh lena bhfís féin.

Máire Ní Chinnéide

Breathnófar anois ar an alt critice a scríobh Máire Ní Chinnéide dar teideal 'Alphons Daudet agus cuid dá shaothar' (*An Claidheamh Soluis*, 31 Eanáir 1914). Duine de mhórléirmheastóirí na hAthbheochana ab ea Ní Chinnéide; shaothraigh sí mórán alt ar litríocht na Fraince agus í ag impí ar scríbhneoirí na Gaeilge múnlaí liteartha ón bhFraincis a tharraingt chucu féin. Ba bhean thar a bheith gníomhach i saol na Gaeilge í, agus baint aici le Craobh an Chéitinnigh, le hInighinidhe na hÉireann agus le mórán eagraíochtaí liteartha de chuid na hAthbheochana. I 1910 scríobh sí alt ag moladh shaothar Anatole France, rud a tharraing roinnt conspóide agus litreacha cáinte ón gcléir (Ní Ghearbhuigh 2014: 35). Le teann dánaíochta, b'fhéidir, a scríobh sí faoi Daudet, 'ná raibh aige an líomhthacht chéadna scríbhneóireachta a bhí a Balzac, nó ag Zola, nó atá ag Anatole France, d'fhág sé roinnt mhaith seod litridheachta 'na dhiaidh.' (*An Claidheamh Soluis*, 31 Eanáir 1914). Duine eisceachtúil a bhí i Ní Chinnéide mar bhí sé de mhisneach aici údair a mholadh (ar nós Anatole France) a raibh a gcuid saothar ag teacht salach ar theagasc na hEaglaise Caitlicí.

Ina halt i 1914 áiríonn sí Daudet i measc 'na scéaluidhthe ba thaithneamhaighe agus ba sho-léighthe dá scríobh riamh i n-éin-teangain', cé nach dtugann sí 'mórscríbhneoir' air go neamhbhalbh. Déanann sí cur síos ar na scéalta in *Lettres de mon Moulin* agus luann sí scéalta áirithe go sonrach, '*Installation*', '*Le Phare de Sanguinaires*', agus '*Le Sécret de Monsieur Corneille*'. Dúirt sí faoin scéal deireanach seo, 'Scéilín beag deas seadh é, go bhfuil na deora agus an gáire an-chomhgharach dhá chéile ann, faoi mar atáid siad 'na lán dar scríobh Daudet'. Is díol spéise é gur foilsíodh an t-alt seo sular tugadh faoi mhórán de na haistriúcháin a pléadh níos túisce san alt seo.

Mhol Ní Chinnéide comhbhá an údair lena chuid carachtar ach cháin sí an leabhar *Sappho* (1884), 'an t-aon leabhar amháin dá chuid saothar gur gádh do lucht mholta Daudet a leithscéal do ghabháil mar gheall air, agus an leabhar dá leabhraibh is fearr go bhfuil eolas air annso, fóiríor!' (*An Claidheamh Soluis*, 31 Eanáir 1914). Is caidreamh conspóideach, achrannach, paiseanta idir fear óg agus bean atá ag dul in aois atá in *Sappho*. Tá an fear óg ag iarraidh socrú síos ach tá cathú air leanúint lena shaol Boihéamach. Scéal graosta a bhí ann ina raibh caidreamh idir daoine neamhphósta, rud a chinntigh nach litríocht 'oiriúnach' í seo do léitheoirí na Gaeilge. Luann Ní Chinnéide go raibh sé ag fulaingt le pianta agus é á scríobh, cé nach n-ainmníonn sí an galar: an bholgach fhrancach.

Cé go ndíríonn a halt ar scéalta in *Lettres de mon Moulin* agus go dtugann sí foláireamh faoin leabhar *Sappho*, tá sí eolach ar shaothar eile dá chuid: 'agus m'ás fíor é nách féidir iad do chur i gcomórtas leis na leabhraibh is fearr dár scríobh sé, mar sin féin, níl éin-cheann aca nach fiú go maith é do léigheamh. Beidh tagairt agam do cheann aca, "l'Immortel," níos déidheannaighe'. Ionsaí géar ar an Académie Francaise atá in '*l'Immortel'*, comhlachas nár thug cuireadh riamh do Daudet a bheith ina bhall de. Aisteach go leor, níor phléigh Ní Chinnéide an leabhar seo ina halt; mar seo a chríochnaigh sí: 'Tá súil agam go mbeidh caoi agam uair eile, le cead an fhir eagair, tagairt do dhéanamh dos na leabhraibh-seo agus do chuid eile de shaothar Daudet ná fuil chomh mór son fé chlú' (*An Claidheamh Soluis*, 31 Eanáir 1914). Ní fios ar baineadh an giota faoi '*l'Immortel'* amach as a halt, nó cad a tharla, ach, pé ar bith é, ní bhfuair Ní Chinnéide deis eile saothar Daudet a phlé ar *An Claidheamh Soluis*. Scríobh sí cuntas eile faoi scéalta Daudet in *Branar* i 1919 agus arís i 1920, ach níor luaigh sí *'l'Immortel'* iontu.

Conclúid

Tá cás Daudet suimiúil toisc go léiríonn sé an tslat tomhais a bhí ag lucht na hAthbheochana, idir aistritheoirí, eagarthóirí agus léirmheastóirí. Díríodh ar shaothar Daudet a bhí oiriúnach, agus tugadh neamhaird ar aon rud nach raibh. Le linn a ghairmréime, d'athraigh Daudet a chuid scríbhneoireachta go minic ach ba i dtréimhse *Lettres de mon Moulin* agus *Contes du Lundi* amháin a chuir lucht na Gaeilge spéis. Tugann sé le fios cé chomh roghnaitheach is a bhí na hAthbheochanóirí agus iad ag múnlú nualitríocht na Gaeilge de réir a gcuid mianta. Sa tslí seo, bhí gné

na reacaireaireachta sásúil, dar leo, mar bhain sí macalla as an traidisiún béil. Ina theannta sin, bhí íomhá dhearfach na tuaithe agus léiriú diúltach ar an gcathair ag teacht leis an bhfís a bhí na hAthbheochanóirí féin ag cur chun cinn. Nuair a bhí teachtaireacht faoi leith i scéal a d'oir dá bhfís, '*La Dernière Classe*', cuir i gcás, léirígh siad an iomarca díocais agus bhí an iliomad aistriúchán ar aon scéal amháin mar thoradh air.

Ní fhéadfadh Athbheochanóirí saothar ar bith a cheadú a thiocfadh salach ar a moráltacht Victeoiriach, áfach, fiú dá mba é Daudet féin a scríobh. Múnla oiriúnach a bhí i scéalta Daudet, ar an gcoinníoll go dtabharfaí neamhaird ar ghnéithe dá shaothar a bhí mí-oirúnach. Lean aistritheoirí na Gaeilge orthu ag aistriú scéalta luatha Daudet tar éis 1930 i bhfoilseacháin ar nós *The Nation* agus *An t-Irisleabhar, Ollsgoil na Gaillimhe*. D'fhoilsigh An Gúm *La Belle Nivernaise* le Nioclás Tóibín i 1932 agus *Lettres de mon Moulin* in eagar ag Seoirse Ó Broin i 1945. Bhí scéalta le Daudet san áireamh in *Scéalta ó'n bhFraincis* le hAodh Ó Duibheannaigh a d'fhoilsigh An Gúm i 1955, ach, arís, ba scéalta iad ó *Les Contes du Lundi* a bhí aistrithe roimhe sin ag daoine eile. Faoi mar a deir an Cadhnach, 'Níl mé cinnte go mbíodh a fhios ag Fiachra Éilgeach uaireanta go raibh aistriú déanta aige féin roimhe sin ar rudaí áirithe a d'aistrigh sé in athuair, is cosúil! (Ó Cadhain 1973: 19). Bhí go leor athrá ar bun ag na haistritheoirí éagsúla, fiú má bhí siad ag cur canúintí éagsúla chun cinn. Is follasach, mar sin, gur mhair an tóir a bhí ag lucht na Gaeilge ar Daudet, ach gur cloíodh lena shaothair luatha, scéalta a samhlaíodh a bheith inghlactha mar litríocht oiriúnach do léitheoirí na Gaeilge ó aimsir na hAthbheochana i leith.

Saothar a Ceadaíodh

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Eag. *Beathaisnéis*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1986.

Daudet, Alphonese. 'The Last Class: The Story of a Little Alsatian'. Aist. George Burnham Ives in *The Short Stories of Alphonse Daudet*, New York and London: G. P. Putnam's and Sons, 1909.

Daudet, Alphonse. *Five Short Stories.* XIII.4 Harvard Classics Shelf of Fiction. New York: P. F. Collier & Son, 1917. www.bartleby.com/313/4/ [breithnithe ar 7 Nollaig 2014].

de Hae, Risteárd. *Clár Litridheacht na Nua-Ghaedhilge, 1850-1936*. 3 Imleabhar. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938.

Gildea, Robert. *Children of the Revolution: The French 1799-1914*. Cambridge, MA: Harvard University Press, 2008.

Ives, George Burnham. *The Short Stories of Alphonse Daudet*. New York and London: G. P. Putnam's and Sons, 1909.

Kiberd, Declan. *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation.* London: Vintage, 1996.

Mac Congáil, Nollaig. '"Weekly Freeman" agus "Irish Fireside Club" ag Cothú an Náisiúnachais agus an Ghaelachais Bealach na hÓige*?*' *Seanchas Ard Mhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*. Ard Mhacha: Cumann Seanchais Ard Mhacha, 2007-2008: 21.2 – 22.1: 278-318.

McCormack, W. J. *Dublin 1916 and the French Connection*. Baile Átha Cliath: Gill and McMillan, 2012.

Ní Ghearbhuigh, Ailbhe. '*Never mind the Pagans*: the Anatole France controversy in *An Claidheamh Soluis*, 1910'. *Irish Studies Review* 22. 1. 2014: 34-42.

Ó Cadhain, Máirtín. 'Conradh na Gaeilge agus an Litríocht'. *Comhar* 32:1. 1973: 17-19.

Ó Cadhain, Máirtín. 'An Gearrscéal sa Ghaeilge.' *Scríobh 5.* Eag. Seán Ó Mordha. Baile Átha Cliath: An Clóchomar, 1981: 100-105.

Ó Conchubhair, Brian. *Fin De Siècle Na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht Na hEorpa.* Indreabhán: An Clóchomhar / Cló Iar-Chonnachta, 2009.

Ó Faoláin, Seán. *The Short Story*. Cork: Mercier Press, 1948, 1972.

Ó Foghludha, Risteárd. *Fiche Gearrscéal ar na dtionntódh as an bhFraingcis.* Baile Átha Cliath: Muinntir C. S. Ó Fallamhain, Teo. i gComhar le hOifig an tSoláthair, 1930.

O'Leary, Philip. *The Prose Literature of the Gaelic Revival, 1881-1921: Ideology and Innovation.* Pennsylvania: The Pennsylvania State University Press, 1994.

Ó Siadhail, Pádraig. *An Béaslaíoch: Beatha agus Saothar Phiarais Béalsaí (1881-1965).* Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2007.

Ó Torna, Caitríona. *Cruthú Na Gaeltachta 1893 -1922.* Baile Átha Cliath: Cois Life, 2005.

Sachs, Leon. *The Pedagogical Imagination: The Republican Legacy in 21st Century French literature and film.* Nebraska: University of Nebraska Press, 2014.

Sachs, Murray. *The Career of Alphonse Daudet: A Critical Study.* Cambridge, Massachusetts: Harvard University Press, 1965.

Vassberg, Liliane M. *Alsatian Acts of Identity: Language Use and Language Attitudes in Alsace.* Bristol: Longdunn, 1993.